

Athbhreithniú ar an dul chun cinn go dtí seo ar Fhorbairt an Bhóthair N22 ó Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha

N22BBM

Cuireadh tús le hoibreacha tógála go luath in 2020 ar an tionscadal agus tá na nithe seo a leanas bainte amach faoin tráth seo:

Ag leibhéal ard, osclaíodh Seachbhóthar Eatramhach Mhaigh Chromtha, 8 km ar fhaid, do thrácht ginearálta ar an 9 Nollaig 2022, roimh an am a bhí leagtha síos. Tá dul chun cinn maith déanta ar an 15km atá fágtha, agus tá an droichead deireanach ar an scéim beagnach críochnaithe ar an Sliabh Riabhach ag ceann thiar an tionscadail. Thabharfadh an sceideal reatha le tuiscint gur dócha go mbeidh an chuid eile den tionscadal críochnaithe faoi R4 2023 agus an scéim iomlán oscailte do thrácht.

Seo cuid de na hoibreacha atá déanta go dtí seo i dtéarmaí uimhriúla:

1. Rinneadh an doirteadh deic deiridh ar an tionscadal i mí na Nollag 2022 ar an droichead ardleibhéil ag an Sliabh Riabhach, rud a d'fhág gur mó ná 29,000 méadar ciúbach an méid coinchréite a doirteadh le linn an tionscadail.

2. Déantar tástálacha sleabhctha ar an gcoinchréit agus í ag teacht go dtí an láthair chun a dhearbhu go bhfuil an chomhsheasmhacht iomchuí ann agus go dtí seo, rinneadh níos mó ná 4,100 de na tástálacha sleabhctha seo.

3. Tógtar ciúbanna coinchréite den choinchréit úr agus í á doirteadh. Déantar na ciúbanna seo a thástáil níos déanaí de réir mar a chruann an choinchréit agus deimhníonn siad neart comhbhrúiteach na coinchréite. Tá 4,833 tástáil ar Neart Comhbhrúite Coinchréite déanta go dtí seo agus comhlíonadh 100% de na ceanglais bhainte amach maidir le Neart Comhbhrúite.

4. Bíonn gá le méideanna suntasacha treisithe cruach le haghaidh struchtúir Coinchréite Treisithe agus go dtí seo tá níos mó ná 3,700 tonna d'atreisiú cruach úsáidte ar an tionscadal.

5. Is éard atá i gceist le tógáil ailíniú príomhlíne an bhóthair nua ná gearradh trí limistéir agus líonadh na limistéir íseal, ag baint úsáide as an ábhar tochaillte atá ar chaighdeán níos airde. Tagraítear dó seo mar phróiseas den chineál "Gearradh agus Líonadh" agus tugtar "Créfoirt" ar chur i gcrích na bpróiseas seo. Is é seo an oibríocht aonair is mó a bhaineann le seachadadh an tionscadail agus tá an méid oibreacha talún ar an tionscadal, agus é ag druidim le bheith críochnaithe, níos mó ná 2,600,000 méadar ciúbach faoi láthair. Tá na créfoirt go léir a tochlaíodh sna limistéir ghearrtha athúsáidte/athchúrsáilte sna limistéir líonta.

6. Maidir le tástálacha ar dhearbhu cáilíocht(QA) a bhaineann le créfoirt, rinneadh níos mó ná 6,500 tástáil.

7. Ar cheann de na gnéithe ba dhúshlánaí den chlár oibre bhí baint carraige trí phléascadh rialaithe agus rinneadh 51 pléascadh go rathúil ar an tionscadal.

8. Tógadh Bóithre Rochtana d'úinéirí talún/réadmhaoina a bhfuil tionchar ag an tionscadal orthu agus chun an leibhéal céanna rochtana ar a dtalamh/réadmhaoin a cheadú agus a bhí acu sular forbraíodh an tionscadal bóthair. Go dtí seo tá 36 bóthar rochtana príobháideacha tógtha agus curtha ar fáil le húsáid ag úinéirí talún/réadmhaoina.

9. Le formhór na struchtúr droichid críochnaithe ag an bpointe seo, faoi láthair tá 14 fordhroichid/Fodhroichid críochnaithe agus oscailte do thrácht ginearálta.

10. Bhí baint ag an scéim chomh maith le faid gearra de bhóithre áitiúla a thógáil agus ag an bpointe seo, tá 30 bóthar áitiúil tógtha agus oscailte don trácht ginearálta.


11. Trasnaíonn bealach an bhóthair nua líon mór sruthanna agus sruthchúrsaí. Tá lintéir bhosca suiteáilte chun na sruthchúrsaí is mó a iompar trí shuíomh an bhóthair nua agus níos mó ná 30 díobh seo curtha ar fáil don tionscadal.

12. Tá duchtanna seirbhíse á gcur ar fáil feadh fad iomlán na scéime agus mar an gcéanna le píopaí draenála uisce dromchla. Go dtí seo, tá 35km de dhraenáil agus duchtú curtha isteach.

13. Idir Deireadh Fómhair 2020 agus Samhain 2022, ardaíodh 356 bíoma bíomaí droichead coinchréite réamhtheilgthe isteach ina n-áit, agus suiteáladh na sraitheanna deiridh sa droichead ardleibhéil ag an Sliabh Riabhach i mí na Samhna 2022. Is ionann é seo i dtéarmaí faid bhíoma charnach agus 8,000 méadar líneach le breis is 50 struchtúr críochnaithe.



tástáil slump



tástáil dlúis thirim i bhfeidhm



neart comhbhrúiteach na tástála coinchréite



tástáil imthacaí pláta-tástáil CBR



tástáil greamaitheachta uiscédhíonta

Maidir le hOibreacha Pábhála Bóthair is iad seo a leanas cuid de na príomhuimhreacha:

1. Sáraíonn toirt iomlán an ábhair Fo-Bhonn (Clásal 808) a cuireadh síos 31,000 méadar ciúbach.
2. Sáraíonn toirt iomlán an Bhunábhair Bóthair (ÁGCS: Ábhar Gráinneach faoi Cheangal Stroighne) a chuirtear thar 34,000 méadar ciúbach. Tá níos mó ná 1,500 tástáil PSD, Dlús Núicléach, Inneachar Taise agus Neart Comhbhrúite déanta ar an ÁGCS go dtí seo.
3. Sáraíonn achar iomlán an Bhonnchúrsa Asfailt a cuireadh síos 173,000 méadar cearnach.
4. Sáraíonn toirt iomlán an Chúrsa Ceangailteora agus an Chúrsa Caithimh a cuireadh síos 144,000 méadar ciúbach, agus rinneadh níos mó ná 1,500 tástáil Dearbhaithe Cáilíochta ar gach ceann de na sraitheanna Dubhchaidhpe go dtí seo.

Oibreacha Draenála:

1. Is ionann fad na n-oibreacha Cainéal Draenála agus 16km ar fad.
2. Scaoilfear gach uisce dromchla a ritheann chun srutha ón mbóthar nua go Linnte Tanúcháin sula scaoilfear chuig sruthchúrsaí é. Go dtí seo tá 18 gcinn de na Locháin Tanúcháin seo tógtha agus 11 acu críochnaithe go hiomlán.

Oibreacha eile:

1. Tá oibreacha cobhsaithe ithreach déanta ag an ngearradh domhain ag an Sliabh Riabhach agus tá breis agus 1,000 tairne ithreach curtha isteach go dtí seo.
2. Tá 50km de Mharcálacha Bóthair agus Stodaí Bóthair curtha ar fáil go dtí seo.
3. Tá níos mó ná 40 km de bhacainn srianta feithicle suiteáilte.
4. Tá níos mó ná 1,500 méadar de Bhacainn Timpeallachta (Bacainn Torainn) suiteáilte go dtí seo.



tástáil le haghaidh doimhneacht uigeachta